# Meitheal Forbartha na hEacnamaíochta Baile – Cruinniú 5

## Cur Síos Gairid

**Dáta:** an 13 Feabhra 2025

**Am:** 11.00r.n. go 3.30i.n.

| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sinsearaí | Cruinniú na Meithle Forbartha<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte, focail tosaigh agus forbhreathnú ar an lá** | D'oscail an Cathaoirleach an cruinniú ag cur fáilte mhór roimh gach ball. Léadh na miontuairiscí agus breathnaíodh ar na nithe a d'éirigh astu. |
| **Dréacht-Struchtúr d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sinsearaí** | Chuir an Feidhmeannas dréacht-struchtúr d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sinsearaí i láthair a raibh trí phríomhshnáitheanna ann - Ag Maireachtáil Go Maith, Maireachtáil Inbhuanaithe agus Fhreagrach, agus Teaghlach, Pobal, agus Sochaí - chomh maith le snáithe aontaitheach roghnach chun smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh. Cuireadh Tascanna Foghlama Feidhmí (TFFanna) i láthair le foghlaim phraiticiúil a fheabhsú, cé nach raibh gach duine ar aon tuairim maidir le feidhm na dtascanna sin. Bhí an plé dírithe ar fhorluí ábhar, ar an inbhuanaitheacht, ar an struchtúr measúnaithe, agus ar shainiúlacht ar leith na hEacnamaíochta Baile a chinntiú. Ardaíodh roinnt ábhar imní maidir le leibhéal an ábhair, maidir lena raibh ann faoin bhfreagracht shóisialta, agus maidir le forfheidhmiú shnáithe TFF. Thug an mheitheal aiseolas ar an dréachtsonraíocht, ar a ndéanfar athbhreithniú ag an gcéad chruinniú eile. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Thug an Cathaoirleach agus an Feidhmeannach forbhreathnú ar sceideal na gcruinnithe. Ansin, rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An chéad chruinniú eile: an 24 Márta 2025** |